
*Cúrsa: "Digital Tax Education and Tax Payments" (Oideachas Cánach Digiteach agus Íocaíochtaí Cánach)*

*Gearrthóga Micreafhoghlama*

***Gearrthóg 3: "Who pays taxes nowadays?" (Cé a íocann cánacha na laethanta seo?)***

***Cur síos ar an nGearrthóg***

| | |
|---|---|
| **Pictiúr léiritheach** |   |
| **Teideal** | Cé a íocann cánacha na laethanta seo? |
| **Cur síos gearr** | Féachtar sa ghníomhaíocht seo le cabhrú leis na daltaí tuiscint a fháil ar cé atá freagrach as cánacha a íoc na laethanta seo agus cad iad na príomhchatagóirí cáiníocóirí. |
| **Sonraí** | **Aidhm:**<br>Ba chóir go dtuigfeadh na daltaí cé atá freagrach as cánacha a íoc na laethanta seo agus cad iad na príomhchatagóirí cáiníocóirí.<br>**Cuspóirí:**<br>Abair cén fáth ar gá cánacha a íoc agus cén tionchar a bhíonn acu ar fholláine an phobail.<br>Ainmnigh an dá phríomhchatagóir cáiníocóirí.<br>Mínigh na tairbhí agus na freagrachtaí a bhíonn ar dhuine ó óige go seanaois, ó thaobh cánacha.<br>Pléigh na cineálacha cánacha a ba chóir do gach catagóir a íoc as a gcuid gníomhaíochtaí.<br>**Ábhair:**<br>Micreaghearrthóg "Who pays taxes nowadays?" (Cé a íocann cánacha na laethanta seo?) |

| | |
|---|---|
| | Clár bán idirghníomhach (nó díreach teilgeoir LCD)<br>**Foclóir:**<br>cánacha, cáiníocóirí, pobal, ioncam, ranníocaíochtaí sóisialta |
| **Conas an ceacht seo a úsáid** | **Céimeanna na gníomhaíochta:**<br>Seinn an chéad chuid den ghearrthóg. Cuir an ghearrthóg ar sos agus seiceáil gur thuig na daltaí an méid a bhí ann.<br>Seinn an roinn "*Categories of taxpayers*." (Catagóirí cáiníocóirí) Cuir an ghearrthóg ar sos agus iarr ar na daltaí cad é an "Státchiste" agus cibé ar thuig siad an fáth ar chabhraigh ranníocaíocht an Sár-cháiníocóra leis an bpobal. Athbhreithnigh na príomhchatagóirí cáiníocóirí: daoine aonair agus cuideachtaí.<br>Ainmnigh na tairbhí sna hathruithe atá leagtha amach, agus iarr ar na leanaí cén uair sa saol ar chóir do dhaoine cáin a íoc.<br>Seinn an roinnn *"Adequate tax distribution".* (Dáileadh leordhóthanach cánach) Cuir an ghearrthóg ar sos agus dírigh ar ceangal a dhéanamh idir na cánacha a íocann daoine aonair agus na cánacha a íocann cuideachtaí – ó na samplaí atá tugtha – agus an tionchar atá acu ar a chéile.<br>Seinn an roinn "How children contribute to taxes?" (Conas a chuireann leanaí le cánacha) agus cuir abhaile orthu go mbailítear cáin as an airgead a chaitheann siad ar rudaí simplí cé nach n-íocann siad cánacha go hoifigiúil fós.<br>**Clabhsúr:**<br>D'fhéadfá plé ranga a eagrú bunaithe ar na coincheapa a cuireadh i láthair sa mhicrighearrthóg. D'fhéadfá díriú ar na topaicí seo, nó ar chuid díobh:<br>Déan roinnt daoine aonair agus roinnt cuideachtaí i do phobal, a íocann cánacha, a aithint.<br>Déan liosta de na rudaí go léir a cheannaigh do theaghlach ar do shon an tseachtain seo caite. An dóigh leat gur chuir tú airgead le Buiséad an Stáit ar bhealach éigin?<br>Cuir baill de do theaghlach faoi agallamh faoin tslí a gcabhraíonn siad lena bpobal féin.<br>Is féidir leat úsáid a bhaint, leis, as an gcluiche oideachasúil sa roinn seo mar obair bhaile chun na coincheapa a cuireadh i láthair sa cheacht a chomhdhlúthú. |
| **Catagóir** | Micreafhoghlaim |
| **An príomh-spriocghrúpa** | 9-12 bhliain d'aois |
| **Topaicí gaolmhara scoile** | Eacnamaíocht, Eitic, Uaireanta Eorpacha, Béarla mar an Dara Teanga, Eolaíochtaí an Duine |